2026/2369

27.10.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2369 ÓN gCOMHAIRLE

an 26 Deireadh Fómhair 2026

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/231 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha na hÚcráine ar chuir Misean um Chúnamh Míleata an Aontais Eorpaigh oiliúint mar thaca leis an Úcráin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 41(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 2 Feabhra 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/231 ([1]), lenar bunaíodh beart cúnaimh chun tacú le fothú acmhainneachta Fhórsaí Armtha na hÚcráine arna dhéanamh trí Mhisean Cúnaimh Mhíleata an Aontais Eorpaigh mar thaca leis an Úcráin (EUMAM Ukraine) chun go mbeidh Fórsaí Armtha na hÚcráine in ann iomláine chríochach agus ceannasacht na hÚcráine a chosaint, agus chun an pobal sibhialtach a chosaint ar an bhfogha míleata atá ar siúl faoi láthair.

(2) An 18 Meitheamh 2026, d'athdheimhnigh an Chomhairle Eorpach a tacaíocht dhaingean leanúnach bhuanseasmhach don Úcráin, agus d'athdhearbhaigh sí go bhfuil an tAontas agus na Ballstáit ullamh chun rannchuidiú le ráthaíochtaí slándála láidre inchreidte don Úcráin, lena n-áirítear trí EUMAM Ukraine.

(3) Sa chomhthéacs seo, ba cheart don bheart cúnaimh leanúint de thacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí oiliúna EUMAM Ukraine agus, dá bhrí sin, ba cheart EUR 30 000 000 breise a chur leis an méid tagartha airgeadais agus ba cheart síneadh a chur le fad an bhirt cúnaimh go dtí 77 mí.

(4) Déanfaidh an Coiste um an tSaoráid arna bhunú le Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle ([2]) athbhreithniú ar mhaoiniú na tacaíochta faoin mbeart cúnaimh seo in am trátha, i gcomhréir le hAirteagal 2(3) den Chinneadh sin, faoi réir cinneadh ón gComhairle maidir le huasteorainn airgeadais don tSaoráid Eorpach Síochána maidir leis an gcéad timthriall buiséadach eile i gcomhréir le hAirteagal 73(11) den Chinneadh sin, gan dochar do thoradh an phlé faoi,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/231 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad 3 go 5:

'3. Chun an cuspóir a leagtar amach i mír 2 a bhaint amach, maoineofar leis an mbeart cúnaimh an méid seo a leanas a bheith á sholáthar ag na Ballstáit agus ag EUMAM Ukraine:

(a) trealamh agus soláthairtí nach gceaptar chun fórsa marfach a sheachadadh, de réir mar is gá chun riachtanais oibríochtúla EUMAM Ukraine a chomhlíonadh agus arna iarraidh sin don Úcráin; agus

(b) seirbhísí, lena n-áirítear iompar, coimeád, cothabháil agus deisiú na n-earraí faoi phointe (a) arna gcur ar fáil ag na Ballstáit agus ag EUMAM Ukraine, le haghaidh na hoiliúna faoi EUMAM Ukraine.

([1]) Cinneadh (CBES) 2023/231 ón gComhairle an 2 Feabhra 2023 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha na hÚcráine ar ar chuir Misean um Chúnamh Míleata an Aontais Eorpaigh oiliúint mar thaca leis an Úcráin (IO L 32, 3.2.2023, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/231/oj).

([2]) Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2015/528 (IO L 102, 24.3.2021, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/509/oj).

4. Ach a gcríochnófar an oiliúint go hiomlán nó a gcuirfear deireadh le EUMAM Ukraine, déanfar coimeád an trealaimh agus na soláthairtí nach gceaptar chun fórsa marfach a sheachadadh, a cuireadh ar fáil faoin mbeart cúnaimh seo, a aistriú chuig an tairbhí. Bunaithe ar riachtanais na hÚcráine, féadfar trealamh agus soláthairtí nach gceaptar chun fórsa marfach a sheachadadh, lena n-áirítear fearais phearsanta, a aistriú chuig an tairbhí a luaithe a úsáidfear iad i ngach modúl oiliúna.

5. Mairfidh an beart cúnaimh 77 mí ó ghlacadh an Chinnidh seo.';

(2) leasaítear Airteagal 2 mar a leasas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. EUR 85 000 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá ceaptha chun an caiteachas a bhaineann leis an mbeart cúnaimh a chumhdach.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'3. I gcomhréir le hAirteagal 29(5) de Chinneadh (CBES) 2021/509, féadfaidh an riarthóir um oibríochtaí glao ar ranníocaíochtaí tar éis ghlacadh an Chinnidh seo, suas go EUR 85 000 000. Ní úsáidfear na cistí a ghlaofaidh an riarthóir um oibríochtaí ach chun caiteachas a íoc laistigh de na teorainneacha arna bhformheas ag an gCoiste arna bhunú le Cinneadh (CBES) 2021/509 sa bhuiséad gaolmhar a chomhfhreagraíonn don bheart cúnaimh.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 26 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. HEYDON